# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí 2019

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Staidéar Gnó

# Leibhéal Comónta

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí 2019

# Staidéar Gnó

## Comhleibhéal

## Réitigh agus Marcáil Mholta

**Roinn A (90 Marc)**

Tá na ceisteanna uile ar aon mharc

**Ceist 1**

**(i)** Easnamh €500

**(ii)**

- An caiteachas a laghdú: d'fhéadfadh Siobhán a caiteachas lánroghnach a laghdú e.g. laethanta saoire
- An t-ioncam a mhéadú: d'fhéadfadh Siobhán roinnt ragoibre a dhéanamh chun a hioncam a bhainistiú ní b'fhearr
- Na margaí a chur i gcomórtas lena chéile chun an margadh is fearr a fháil e.g. switch.ie.

**Ceist 2**

**(i)** Bíonn margaí níos mó ar fáil do chomhlachtaí — Fíor

**(ii)** Bíonn rogha níos lú ag tomhaltóirí. — Bréagach

**(iii)** Tagann méadú ar thruailliú de bharr méadú ar thrádáil. — Fíor

**Ceist 3**

| **Ceannacháin** | **Foinse Airgeadais** |
|---|---|
| Teach | Morgáiste/Iasacht fhadtéarmach |
| Carr | Fruilcheannach/Iasacht mheántéarmach |
| Earraí grósaera | Cárta creidmheasa/Rótharraingt bhainc |

**Ceist 4**

| | |
|---|---|
| 1. | Tá Gearóid óg/Tá Gearóid 21 bhliain d'aois. |
| 2. | Éilimh roimhe seo: An raibh aon timpistí ag Gearóid roimhe seo? |
| 3 | Pointí píonóis: An bhfuair Gearóid aon phointí píonóis go dtí seo? |
| 4. | Is seancharr é carr Ghearóid. |
| 5. | Cineál clúdach árachais: tríú páirtí/tríú páirtí dóiteáin agus gadaíochta/cuimsitheach. |
| 6. | Cén déanamh agus múnla é carr Ghearóid? |

**Ceist 5**

| | € | |
|---|---|---|
| Iomlán (gan CBL a áireamh) | 25,000 | |
| Lascaine thrádála (12%) | (3,000) | [2] |
| Fo-iomlán | 22,000 F.F | [1] |
| CBL (23%) | 5,060 F.F | [2] |
| Iomlán (CBL san áireamh) | 27,060 F.F | [1] |

**Ceist 6**

1. Costais táirgthe/ an costas a bhaineann leis an táirgeadh a dhéanamh/an costas saothair/costas amhábhar/costas díola/an costas a bhaineann le fógraíocht a dhéanamh faoin táirge.
2. Praghas táirgí iomaitheora/tá sé tábhachtach féachaint ar phraghsanna iomaitheora agus iad a chur i gcomórtas lena chéile.

**Ceist 7**

| | Airgeadais | Sóisialta |
|---|---|---|
| Intel Ireland | ✓ | |
| Focus Ireland | | ✓ |
| Banc na hÉireann | ✓ | |

**Ceist 8**

1. Bíonn deontais ar fáil e.g. tugann an tAE deontais d'Éirinn chun an bonneagar a fheabhsú/cabhrú le tionscail na feirmeoireachta agus na hiascaireachta.
2. Saorghluaiseacht lucht saothair/caipitil/seirbhísí laistigh de thíortha an AE e.g. is féidir le hoibrithe de chuid an AE ganntanas lucht saothair a líonadh in Éirinn agus is féidir le hoibrithe Éireannacha obair laistigh den AE gan srianta.

**Ceist 9**

**(i)**

| Comhardú trádála d'Éirinn | |
|---|---|
| *Obair:*<br><br>*€123b-€79b* | € 44 billiún |

**(ii)** Luaigh cúis amháin a bhfuil an trádáil idirnáisiúnta tábhachtach d'Éirinn.

1. Bíonn margaí níos mó ar fáil a mhéadaíonn easpórtálacha na hÉireann chuig tíortha eile.
2. Méadaíonn trádáil idirnáisiúnta ioncam cánach do Rialtas na hÉireann.
3. Méadaíonn fostaíocht in Éirinn a laghdaíonn caiteachas leasa shóisialta i gcás Rialtas na hÉireann.

**Ceist 10**

**(i)** Líon isteach na tosca táirgeachta atá ar iarraidh thíos:

**Tosca Táirgeachta**

| | |
|---|---|
| **1. Talamh** | **2. Saothar** |
| **3. Caipiteal** | **4.** *Fiontraíocht* |

**(ii)** Sainaithin scil **amháin** a bhíonn ag fiontraí.

1. Caidreamh Daonna: Bíonn fiontraithe go maith ag plé le daoine.
2. Bainistíocht Ama: Úsáideann fiontraithe a gcuid ama go cúramach chun a gcuid spriocanna a bhaint amach.
3. Smaointeoireacht Straitéiseach: Cuireann fiontraithe an próiseas sin i bhfeidhm chun cinntí an-tábhachtach a dhéanamh.

**Ceist 11**

1. Chun cur isteach ar iasacht/dheontas.
2. Chun spriocanna agus láidreachtaí an ghnólachta a shainaithint.
3. Chun sonraí a chur ar fáil maidir leis an ngnólacht do pháirtithe leasmhara eile.
4. Chun cé chomh maith agus atá ag éirí leis an ngnólacht a chuid cuspóirí a bhaint amach a mheas.

**Ceist 12**

Ainmnigh foinse ioncaim a bhaineann le **gach** duine díobh seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Duine ar scor | Pinsean |
| Duine fostaithe | Pá/Tuarastal |
| Duine dífhostaithe | Liúntas Cuardaitheora Poist/dól |

**Ceist 13**

Luaigh sampla **amháin** de chaiteachas sna Ranna Rialtais thíos:

| **Roinn Rialtais**: | **Sampla de chaiteachas**: |
|---|---|
| 1. Sláinte | Tógáil Ospidéal |
| 2. Oideachais agus Scileanna | Tuarastail do mhúinteoirí |
| 3. Iompair, Turasóireachta agus Spóirt | Éire a chur chun cinn thar lear |

**Ceist 14**

Comhlánaigh cuntas trádála de Bláca Teo. don bhliain dar críoch 31/12/2018:

| **Cuntas Trádála de Bláca Teo. don bhliain dar críoch 31/12/2018** | | |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Díolacháin | | 850,000 |
| Lúide costas díolachán | | |
| Stoc tosaigh | 75,000 | |
| Ceannacháin | 450,000 | |
| | 525,000 [2] | |
| Lúide stoc deiridh | 115,000 | |
| Costas díolachán | | 410,000 F.F [2] |
| Brabús comhlán | | 440,000 F.F [2] |

**Ceist 15**

(i) Riachtanas

(ii) Teastáil

(iii) Riachtanas


**Roinn B (180 marc)**

**Freagair gach ceist.**

**Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.**

**Ceist 16**

**(a)**




Úsáid an léaráid thuas agus freagair **gach ceann** de na ceisteanna seo a leanas.

Scríobh do fhreagraí sna spásanna atá ar fáil dóibh.

**(i)** Luaigh cén chainníocht de '*The Great Irish Weather Book*' a soláthraíodh ar €20.

80 [3m]

**(ii)** Luaigh cén chainníocht de '*The Great Irish Weather Book*' a éilíodh ar €8.

100 [3m]

**(iii)** Luaigh an praghas cothromaíochta i leith '*The Great Irish Weather Book*'.

€16 [3m]

**(iv)** Cén tionchar a bheadh acu seo a leanas ar an éileamh ar leabhair sa siopa Caibidil Nua? Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

| | **Méadú ar éileamh ar Leabhair in Caibidil Nua** | **Laghdú ar éileamh ar Leabhair in Caibidil Nua** |
|---|---|---|
| Laghdú ar an bpraghas ar leabhair | ✓ 3m | |
| Méadú ar chánacha (CBL) | | ✓ 3m |
| Leathanbhanda á chur ar fáil do gach ceantar i gCill Mhantáin | | ✓ 3m |
| Siopa Eason á oscailt sa bhaile mór | | ✓ 3m |

**(v)** Léirigh conas a d'fhéadfadh an gnólacht teicneolaíocht a úsáid chun sochair dó féin.

2 @ 3m

| | |
|---|---|
| 1. | Ríomhphost: Luas cumarsáide do thomhaltóirí |
| 2. | Suíomh gréasáin**:** Suíomh gréasáin Caibidil Nua a chruthú chun tacú le díolacháin ar líne**.** |
| 3. | Meáin Shóisialta**:** Chun cabhrú le fógraíocht. |
| 4. | EPOS/EFTPOS: Chun cabhrú le roghanna íocaíochta. |
| 5. | EDI: Chun cabhrú le sonrascadh agus le hordú. |
| 6. | Ríomhléitheoirí**:** Chun modhanna éagsúla léitheoireachta a thaispeáint do chustaiméirí. |

**(vi)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chostas bainteach le hinfheistiú in ICT a d'fhéadfadh a bheith le híoc ag Caibidil Nua.

2 @ 3m

| | |
|---|---|
| 1. | Costais chrua-earraí fisiceacha: Ríomhairí nua a cheannach. |
| 2. | Oiliúint: An costas a bhaineann leis an bhfoireann a oiliúint i ngnásanna ICT. |
| 3. | Cothabháil**:** Costais reatha. |
| 4. | Costais Bhogearraí: Ceadúnais agus cláir ríomhaireachta. |

**(b)** **(i)** Mínigh **trí** rud ba chóir do thomhaltóir maith a dhéanamh agus earraí á gceannach ar líne aige/aici.

3 @ 3m

| | |
|---|---|
| 1. | Slándáil: Ba chóir do thomhaltóirí an deilbhín glais/glais fraincín a chuardach sna polasaithe URL/cosanta pasfhocail/criptiúcháin. |
| 2. | Roghanna íocaíochta: Ba chóir do thomaltóirí bheith ag faire amach do roghanna íocaíochta sábháilte ar nós PayPal agus Verisign. |
| 3. | Roghanna costais: Cuir na margaí i gcomórtas lena chéile, ba chóir do thomhaltóirí bheith eolach agus ba chóir dóibh taighde a dhéanamh trí shuíomhanna gréasáin comparáideacha a sheiceáil / ba chóir don tomhaltóir bheith láneolach ar na costais bhreise ar fad a bhaineann leis an gcomhlacht ar an suíomh áirithe sin e.g. costais seachadta. |
| 4. | Táirge: Athbhreithnithe/cáilíocht indíoltachta/sábháilteacht/earraí ar ais. |
| 5. | Cúrsaí dlí: Ba chóir do thomhaltóirí bheith láneolach ar dhualgais dlí an tsuímh maidir le do shonraí pearsanta (GDPR). |

**(ii)**

@Deirdre22

Haigh, a Dheirdre, caith suíl ar shuíomh gréasáin an Lárionaid Eorpaigh do Thomhaltóirí (Éire) (ECCI) Chomhlachas Tomhaltóirí na hÉireann (CAI) nó An Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC)

1 @ 3m

**(c)** **(ii)** Tabhair breac-chuntas ar dhá thairbhe a bhainfeadh leis an 'táille latte' molta.

2 @ 3m

| | |
|---|---|
| 1. | Ioncam: Méadú ar ioncam cánach rialtais. |
| 2. | Timpeallacht: b'fhéidir go spreagfadh an costas breise tomhaltóirí chun cupáin in-athúsáidte a úsáid. |

**(iii)** Mínigh céim **amháin** eile a d'fhéadfadh tomhaltóir a thabhairt chun a bheith níos eiticiúla ina chinntí ceannaigh.

1 @ 3m

| | |
|---|---|
| 1. | Cóirthrádáil e.g. ba chóir do thomhaltóirí táirgí a cheannach ó chomhlachtaí a íocann praghas cóir le táirgeoirí. |
| 2. | Roghanna eile saora e.g. seachain ábhar a cheannach ó shiopaí a fhaigheann a gcuid táirgí ó 'mhonarchana dhúshaothair'. |
| 3. | Táirgí in-athchúrsáilte e.g. nuair a cheannaítear táirgí, is fiú a sheiceáil an féidir é a athchúrsáil. |
| 4. | Roghanna eile atá neamhdhíobhálach don timpeallacht e.g. carranna leictreacha seachas carranna peitril/ díosail. |
| 5. | Ainmhithe a ndéantar feirmeoireacht orthu i monarchana e.g. diúltaigh táirgí a cheannach a tháirgtear ar an mbealach seo. |

**(iv)** Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste amháin agus ar mhíbhuntáiste amháin don tomhaltóir agus é/í ag úsáid íocaíochtaí gan tadhall.

| |
|---|
| **Buntáiste**: 1 @ 3m |
| Tá sé níos sábháilte de bharr nach gá aon airgead tirim a bheith leat. |
| Tá sé níos tapa/níos áisiúla seachas dul chuig an UMB nó airgead tirim a úsáid. |
| Tá sé níos éasca, níl ort ach do chárta a bhualadh go bog i gcoinne an léitheora chun íoc i gcúpla soicind. |
| **Míbhuntáiste**: 1 @ 3m |
| Tá baol ann má ghoidtear an cárta gur féidir é a úsáid gan PIN. |
| Níl ach teorainn chaiteachais €30 leis. |
| Tá costas ar gach idirbheart. |

**Ceist 17**

**(a) (i)**

| Dr | | | | Leabhar Airgid Anailísithe de chuid Food2Go Teo. | | | | | | | | | Sr |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | Banc | Díolacháin | CBL | Caipiteal | Dáta | Sonraí | Banc | Díolacháin | CBL | Pá | Leictreachas |
| 2019 | | € | € | € | € | 2019 | | € | € | € | € | € |
| 01/05 | Capiteal | 21,500 | | | 21,500 | 06/05 | Pá | 3,000 | | | 3,000 | |
| 04/05 | Díolacháin | 13,620 O.F | 12,000 | 1,620 | | 15/05 | Ceannacháin | 6,356 O.F | 5,600 | 756 | | |
| | | | | | | 23/05 | Leictreachas | 670 | | | | 670 |
| | | | | | | 27/05 | Pá | 2,850 | | | 2,850 | |
| | | | | | | 31/05 | Iarmhéid s/d | *22,244 F.F* | | | | |
| | | 35,120 | 12,000 | 1,620 | 21,500 | | | 35,120 | 5,600 | 756 | 5,850 | 670 |
| 01/06 | Iarmhéid t/a | *22,244 F.F* | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | |

16 fhigiúr@ 1m (níl aon mharc ann d'iomlán na gcolún) + 1m do dháta + 1m do shonraí

**(ii)** Cé mhéad airgid atá i gcuntas bainc Food2Go Teo. ag deireadh na míosa?

€22,244 F.F 3m

(iii) Breac na hiomláin agus na hiarmhéideanna go léir ó leabhar airgid anailísithe de chuid Food2Go Teo. sna cuntais mhórleabhair chuí atá thíos.

Bronntar 1m le haghaidh Dátaí

Dr CBL [1m] Sr

| Dáta | Sonraí | Iomlán | Dáta | Sonraí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| 31/05/19 | Ceannacháin | 756 F.F 1m | 31/05/19 | Díolacháin | 1,620 F.F 1m |
| 31/05/19 | Iarmhéid t/s | 864 F.F 1m | | | |
| | | 1,620 | | | 1,620 |
| | | | 01/06/19 | Iarmhéid t/a | 864 F.F 1m |
| | | | | | |

Dr Capiteal [1m] Sr

| Dáta | Sonraí | Iomlán | Dáta | Sonraí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | 31/05/19 | Banc/Airgead | 21,500 1m |
| | | | | | |

Dr Ceannacháin [1m] Sr

| Dáta | Sonraí | Iomlán | Dáta | Sonraí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| 31/05/19 | Banc/Airgead | 5,600 1m | | | |
| | | | | | |

Dr Leictreachas [1m] Sr

| Dáta | Sonraí | Iomlán | Dáta | Sonraí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| 31/05/19 | Banc/Airgead | 670 1m | | | |
| | | | | | |

Dr Pá [1m] Sr

| Dáta | Sonraí | Iomlán | Dáta | Sonraí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| 31/05/19 | Banc/Airgead | 5,850 4m | | | |
| | | | | | |

Dr Díolacháin [1m] Sr

| Dáta | Sonraí | Iomlán | Dáta | Sonraí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | 31/05/19 | Banc/Airgead | 12,000 1m |
| | | | | | |

**(b) (i)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** rud a chuireann Food2Go Teo. leis an gceantar.

2 @ 2m

| | |
|---|---|
| 1. | Cuireann sé fostaíocht/poist ar fáil don cheantar áitiúil. |
| 2. | Tá seans maith ann go mbeidh méadú ar dhíolacháin sna gnólachtaí in aice láimhe. |
| 3. | Íocann sé cíos agus rátaí go háitiúil a n-úsáidtear iad ansin sa cheantar áitiúil. |
| 4. | Déanann sé urraíocht ar fhoirne áitiúla e.g. foirne áitiúla CLG. |
| 5. | Is féidir leis urraíocht a dhéanamh ar áiseanna/imeachtaí áitiúla áirithe e.g. áit súgartha áitiúil/comórtas na mbailte slachtmhara. |

**(ii)** Líon isteach na spásanna bána thíos:

| |
|---|
| Seasann CBL do Cháin Bhreisluacha [3m] |
| Gearrtar CBL ar earraí [2m] agus ar sheirbhísí [2m] |
| Is foinse ioncaim é CBL don rialtas [2m] |

**(iii)** Mínigh tairbhe **amháin** d'Éirinn as ráta cánach corparáide íseal a bheith ann.

Is áit mhealltach í Éire le haghaidh comhlachtaí trasnáisiúnta eachtracha. Cuireann na comhlachtaí sin deiseanna fostaíochta ar fáil d'oibrithe Éireannacha/cuirfidh sé seo le hioncam cánach Rialtas na hÉireann.

7m

**Ceist 18**

**(a)** **(i)** Déan idirdhealú idir **obair dheonach** agus **fostaíocht** trí fhreagra fíor nó bréagach do gach ceann de na ráitis seo a leanas. Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

4 @ 3m an ceann

| | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|
| Tá fostaí i dteideal pá lae atá cothrom. | ✓ | |
| Faigheann oibrí deonach pá. | | ✓ |
| Tá cearta dlíthiúla ag fostaí. | ✓ | |
| Ní mór cáilíocht tríú leibhéal a bheith ag oibrí deonach | | ✓ |

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar na **tairbhí** a bhaineann Eoin as bheith ag obair go deonach.

2 @ 3m

| |
|---|
| Cuirfidh sé le sásamh intinne/ meanma / folláine intinne Eoin |
| D'fhéadfadh Eoin C.V. ní b'fhearr a chruthú a chuirfeadh lena sheans post a fháil amach anseo. |
| Is féidir le hEoin taithí luachmhar a fháil agus scileanna nua a fhoghlaim. |
| Is féidir le hEoin cairdis nua a fhorbairt ón taithí seo. |
| Trí obair le daoine ó chultúir & ó chúlraí éagsúla. |
| D'fhéadfadh sé cabhrú le hEoin níos mó measa agus níos mó tuisceana bheith aige ar chreidimh eile. |

**(iii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** cheart atá ag Ryanair agus **dhá** fhreagracht atá air mar fhostóir.

Cearta fostóra:

2 cheart @ 3m

| | |
|---|---|
| 1. | An gnólacht a rith mar a thograíonn siad laistigh de reachtaíocht fostaíochta. |
| 2. | Na daoine is oiriúnaí agus is cáilithe a fhostú chun na folúntais a líonadh de réir mar a thagann siad chun cinn. |
| 3. | Fostaithe a scaoileadh chun siúil nó cás dlí a thógáil in aghaidh fostaithe de bharr a n-iompraíochta nó de bharr chaighdeán a gcuid oibre. |
| 4. | Bheith ag súil le go n-iompródh fostaithe iad féin ar bhealach nach ndéanfadh dochar don timpeallacht. |
| 5. | Bheith ag súil le go mbeadh a bhfostaithe dílis. |
| 6. | Bheith ag súil le go mbeidh meas ag a bhfostaithe ar mhaoin an fhostaí. |

Freagrachtaí fostóra:

2 fhreagracht @ 3m

| | |
|---|---|
| 1. | Pá lae atá cothrom a íoc ar obair lae atá cothrom. |
| 2. | Caitheamh go cothrom le gach fostaí gan idirdhealú ar bhealach ar bith. |
| 3. | Timpeallacht oibre shláintiúil agus shábháilte a chur ar fáil. |
| 4. | Conradh fostaíochta scríofa a thabhairt do gach duine dá bhfostaithe. |
| 5. | Polasaithe a chothú maidir le forbairtí inbhuanaithe. |
| 6. | Praghas cothrom a íoc ar ábhair agus táirgeoirí a íoc in am. |

**(b)** Bain úsáid as na sonraí thuas chun duillín pá Mháire a chomhlánú i gcomhair 31/05/2019

| Duillín pá | | | |
|---|---|---|---|
| Ainm an Fhostaí: | Máire Uí Bhraonáin | Dáta: | 31/05/2019 [2m] |
| Tuilleamh | | Asbhaintí | |
| Bunphá | €7,000 [1m] | ÍMAT | €2,765 O.F [4m] |
| Ragobair | €600 [1m] | ÁSPC | €304 O.F [2m] |
| | | MSU | €418 O.F [2m] |
| Pá Comhlán | €7,600 [2m] | Asbhaintí Iomlána | €3,487 O.F [2m] |
| | Glanphá | €4,113 F.F [2m] | |

| |
|---|
| Bosca oibre ÍMAT:<br>*7,600 × 40% [1m] = 3,040 [1m] – 275 [1m] creidmheas cánach* |
| Bosca oibre ÁSPC:<br>*€7,600 × 4% [1m]* |
| Bosca oibre MSU:<br>*€7,600 × 5.5% [1m]* |

**(c)** **(i)** Léirigh i ngach cás díobh, cé acu an treocht mhaith nó droch-threocht do gheilleagar na hÉireann é an t-athrú atá ar na táscairí. Cuir tic (✓) sa bhosca ceart thíos.



| **Táscaire Eacnamaíoch** | **Treocht mhaith** | **Droch-threocht** |
|---|---|---|
| Dífhostaíocht | ✓ 4m | |
| Fás eacnamaíoch | | ✓ 4m |

**(ii)** Mínigh tionchar na treochta thuas ar an **dífhostaíocht** ar an duine aonair ar nós Eoin agus ar an ngeilleagar.

| **Tionchar ar an duine aonair**: 1 @ 2m |
|---|
| Cabhróidh saothrú ioncaim rialta leis an duine aonair ar nós Eoin billí a íoc. |
| Beidh níos mó airgid ag an duine aonair ar nós Eoin chun só-earraí a cheannach. |
| Beidh sé níos éasca ar an duine aonair ar nós Eoin post a fháil a chuirfidh feabhas lena gcaighdeán maireachtála. |
| **Tionchar ar an ngeilleagar**: 1 @ 2m |
| Beidh méadú ar ioncam cánach an rialtais. |
| Beidh níos lú airgid le híoc ag Rialtas na hÉireann ar íocaíochtaí leasa shóisialta daoine dífhostaithe. |
| D’fhéadfadh sé go mbeadh níos mó airgid sa chiste chun go mbeadh méadú ar chaiteachas caipitil an rialtais. |

# An Scéim Mharcála don Tasc Measúnaithe

| | | Tuairiscíní | Raon Marcanna |
|---|---|---|---|
| **C.1** | **Teideal an Chuir i Láthair** | | 0 marc |
| | **Forléargas Gairid** | | |
| | Sármhaith | Freagra sármhaith a léiríonn tuiscint mhion ar eolas nua a d'fhoghlaim an scoláire | 4 mharc |
| | An-mhaith | Freagra an-mhaith a léiríonn tuiscint fhairsing ar eolas nua a d'fhoghlaim an scoláire. | 3 mharc |
| | Maith | Freagra maith a léiríonn tuiscint réasúnach ar eolas nua a d'fhoghlaim an scoláire | 2 mharc |
| | Lag | Freagra lag inar theip ar an scoláire dul i ngleic leis an ábhar ar bhealach soiléir. | 0 marc |
| **Míniú ar thábhacht eolais nua** | | | |
| | Sármhaith | Freagra sármhaith a léiríonn tuiscint mhion ar an ábhar. | 6 mharc |
| | An-mhaith | Freagra an-mhaith a léiríonn tuiscint fhairsing ar an ábhar. | 4 mharc |
| | Maith | Freagra maith a léiríonn tuiscint réasúnach ar an ábhar. | 2 mharc |
| | Lag | Freagra lag inar theip ar an scoláire dul i ngleic leis an ábhar ar bhealach soiléir. | 0 marc |
| **C.2 agus C.3** | Sármhaith | Freagra sármhaith a léiríonn tuiscint mhion ar an ábhar. | 10 marc |
| | An-mhaith | Freagra an-mhaith a léiríonn tuiscint fhairsing ar an ábhar. | 7 marc |
| | Maith | Freagra maith a léiríonn tuiscint réasúnach ar an ábhar. | 3 mharc |
| | Lag | Freagra lag inar theip ar an scoláire dul i ngleic leis an ábhar ar bhealach soiléir. | 0 marc |

| Siombal an Nóta Mhínithe | Brí an tSiombail |
|---|---|
| ✓ | Go hiomlan ceart, tuilltear lán-mharcanna |
| X | Freagra mícheart, bronntar 0 marc |
| [ | Freagra ar athrá é, úsáidtear lúibíní cearnógacha [ ] chun nach n-áirítear an t-iomlán sin |
|  | Cuid den fhreagra ceart, bronntar roinnt marcanna ach ní lán-mharcanna |
| OF | Tuilltear marcanna de thoradh fhigiúr an iarrthóra féin |
|  | Cuirtear in iúl leis an siombal seo go bhfaca scrúdaitheoir an leathanach agus nach bhfuil ábhar scrúdaithe air |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 270 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 270 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 202 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 203 | 20 |
| 204 - 206 | 19 |
| 207 - 210 | 18 |
| 211 - 213 | 17 |
| 214 - 216 | 16 |
| 217 - 220 | 15 |
| 221 - 223 | 14 |
| 224 - 226 | 13 |
| 227 - 230 | 12 |
| 231 - 233 | 11 |
| 234 - 236 | 10 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 237 - 240 | 9 |
| 241 - 243 | 8 |
| 244 - 246 | 7 |
| 247 - 250 | 6 |
| 251 - 253 | 5 |
| 254 - 256 | 4 |
| 257 - 260 | 3 |
| 261 - 263 | 2 |
| 264 - 266 | 1 |
| 267 - 270 | 0 |
| | |